Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15231/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0339(NLE)**

**TRANS 534**
**COWEB 144**
**ELARG 141**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. 2025/…**
**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH**
**AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1], agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 35 de,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 15 Nollaig 2022 maidir leis an nós imeachta athbhreithnithe is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair chun an buiséad a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh,

---

1 IO AE L 278, 27.10.2017, lch. 3,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) San Iarscríbhinn atá ann cheana a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, ní thugtar aghaidh go sainráite ar chásanna ina bhfuil forálacha ábhartha maidir le soláthar earraí, oibreacha nó seirbhísí in easnamh nó neamhshonraithe.

(2) Leis na nósanna imeachta soláthair le haghaidh earraí agus seirbhísí simplí agus íseal-luacha áirithe, tá gá le creat níos simplí agus níos éifeachtúla chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

(3) Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an gcreat soláthair chun gur féidir nósanna imeachta soláthair faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a fhorghníomhú ar bhealach níos rianúla, agus iomaíochas, trédhearcacht agus cóir chomhionann sa phróiseas soláthair á n-áirithiú an tráth céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, leasaítear í mar a leanas:

(1) i Roinn 3, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘4.2. Nós imeachta soláthair simplithe le haghaidh earraí agus seirbhísí íseal-luacha

Chun gnáthsheirbhísí agus gnáthsholáthairtí simplí, díreacha a sholáthar, lena n-áirítear fruiliú ionaid, seirbhísí bialainne, aistriúchán, trealamh a fháil ar cíos agus ceannach earraí, ach gan bheith teoranta dóibh sin, i gcás inar féidir méid beacht agus uainiú beacht seachadta a shainiú ag an tús agus i gcás nach mó ná EUR 20 000 (gan CBL a áireamh) an luach iomlán measta, beidh feidhm ag nós imeachta soláthair simplithe.

Is é an méid seo a leanas a bheidh sa nós imeachta sin:

(a) trí thairiscint ar a laghad a bhailiú ó sholáthraithe incháilithe;

(b) meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí ar bhonn príomhthosca, amhail an praghas agus an cumas na seirbhísí nó na soláthairtí a sholáthar;

(c) an conradh a dhámhachtain agus é a thabhairt chun críche trí ordú ceannaigh nó trí chonradh díreach simplithe.

Leis an nós imeachta simplithe sin, áiritheofar comhairliúchán cuí margaidh, agus laghdófar an t-ualach riaracháin an tráth céanna. Coinneofar taifead ar na tairiscintí a bailíodh agus ar an bpróiseas meastóireachta chun rian iniúchóireachta cuí a cheadú agus trédhearcacht an phróisis a áirithiú.';

(2) cuirtear an roinn seo a leanas léi:

'5. Roinn 4

5.1. I gcásanna nach bhfuil forálacha sainráite san Iarscríbhinn seo, beidh feidhm ag na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE[2], maille leis na hoiriúnuithe is gá.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, an … 2025

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*
*An tUachtarán*

---

[2] IO AE L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj.